COSTAS TROM AR IASCAIRÍ ḊÚN NA NGALL

NÍL MÁIRTÍN Ó CORRAIĠ AR BIT LE SEASAṀ DÓIḂ

Sa Dáil, d'fiafraiġ Pádraic Ó Domhnaill, T.D., don Aire Tailte agus Iascaí, an raiḃ ḟios aige go raiḃ costas mór ar cuid iascairí bradán Ḋún na nGall ag cur ean-gaċ monofilament sinthetic i n-a gcuid bádaí, agus má ċos-cann an fó-ḋlí den 22ú Eanair, 1965, úsáid dona leiṫéid de ean-gaċa, an dtaḃarfaiḋ siad cúit-eaṁ do na hiascairí as an ċaitea-ċas a ḃí orṫa?

Dúirt Seoirse Ó Colla naċ raiḃ eolas aige gur sin mar a ḃí, agus ar scor ar biṫ, de ḃárr toscaireaċt a ṫáiniġ ċuige ó Eoċaill ar an 29ú Eanair, go ndearna sé aṫrú ar an fó-ḋlí ⁊ naċ mbeaḋ sé a' teaċt i bfeiḋm go dtí an 1ú lá de Ṁeiṫeaṁ seo ċugainn.

Pádraic Ó Domhnaill — Má ġeiḃ an Rúnaí Pairliminte fian-aise go raiḃ costas idir £600 agus £1,000 an báḋ ar Iascairí Ḋún na nGall ag ceannaċ na n-eangaċa seo, an ndéanfaḋ sé do iascairí bradán Ḋún na nGall an rud atá déanta aige anois do Iascairí Eoċaill, an dáta fá ċoinne an dlí úr a ṫeaċt isteaċ a ċur siar.

Caṫal Mac Eoċaiḋ — Ḃeaḋ An Teaċta Ó Corraiġ ag teas-táil uaiḃ ṫuas ansin.

Pádraic Ó Domhnaill — Sin díreaċ an pointe. De réir mar deir an tAire Talṁaíoċta ṫig le Teaċta Fianna Fáil ar ṡiúl leis seo, aċ ní ṫig le fear Ḟine Gael. Mar atá ḟios ag an Rúnaí Pairliminte tosnaíonn an séas-úr do ṁuintir Eoċaill i bfad ní-os luaiṫe ná an séasúr iascaire-aċta i nDún na nGall, naċ bfuil ag tosaiġ go dtí an 1ú lá de Ṁeiṫeaṁ. Mar ġeall air sin, an gcuirfiḋ sé siar an fó-ḋlí úr i nDún na nGall go dtí an ċéad lá de ṁí na Samhna, mar sin, ⁊ seans a ṫaḃairt do na fir seo air-ġead a ḋéanaṁ as an caiteaċas a ḃí orṫa. An mbaineann an dlí úr le eangaċa ar ġaċ cineál bádaí is cuma cé acu bádaí seine nó half-deckers iad?

Seoirse Ó Colla — Baineann sé le na h-eangaċa go léir in gaċ cineál bádaí.

De ṫairḃe an ċeist fá iascairí Ḋún na nGall, tá an freagra diúltaċ, agus sé an ċúis atá leis naċ bfuil an séasúr ag tosaí go dtí Meiṫeaṁ, agus mar sin de, go mbeiḋ fógra sé ṁí acu. Ní raiḃ sé sin fíor i gcás Eoċaill, an áit a bfuil an iascaireaċt ag dul ċun tosaí anois.

Pádraic Ó Domhnaill — Cé'n áit a ndíolfaiḋ iascairí Ḋún na nGall a gcuid eangaċa An mbeiḋ caoi acu lena mbris a ṫaḃairt isteaċ?

Seoirse Ó Colla — Níl ḟios agam an bfuil caoi acu lena h-eangaċa a ḋíol aċ tá ḟios ag an Teaċta go bfuil na h-eangaċa seo á gcosc ar fud an domhain.

Pádraic Ó Domhnaill — Tar-éis fógra do na hiascairí.

Seoirse Ó Colla — Níl cosú-laċt air go bfuil fógra sé-ṁí ró ġairid.

Pádraic Ó Domhnaill — Aċ, tréimse é nuair naċ féidir leo iascaċ a ḋéanaṁ.

COṪROM NA FÉINNE LE RÁTAÍ

Tá na Condaeṫa Iarṫaraċ ag braṫ ar troid do ċur suas sa deireaḋ i gcoinniḃ ualaċ ró ṫrom na rátaí. Tá sé seo á rá in gaċ condae anois. Dé Domhnaiġ seo caite, 21ú, ḃí cruinniú de eag-rais de ċuile ċineál i gCaisleán an Ḃarraiġ, le agóid a ḋéanaṁ i gcoinniḃ an dul suas siorraí atá ar na rátaí insan ċondae. Siad na feilméaraí is mó a ḃí ar tús insan cruinniú seo. Ag an ċruinniú, toġaḋ toscaireaċt le dul ċun cainte le T.D.'s na con-dae le féaċaint le agallaṁ a ḟáil láiṫreaċ leis an Taoiseaċ ⁊ an Uasal Ó Ḃléiniġ, T.D., Aire Rialtas Áitiúla.

Dé Saṫairn seo ċugainn beiḋ Comhairle Condae Ṁuiġeo ag cruinniú speisialta ag díospóire-aċt faoi an rud adeirtear a ḃéas mar ráta is airde insan tír. Anuraiḋ ḃí ráta 69s. sa ṗunt ar Ṁuiġeo agus deirtear go bfuil ardú mór ḋá iarraiḋ ag an Ḃainisteoir Condae i láṫair na huaire. Táṫar ċun plean a ċeapaḋ le cur ós comhair grúp-anna eile i nGaillimh, Ciarraí ⁊ Tírċonaill d'ḟonn agus go raċ-aiḋ na ceiṫre conade le ċéile le coṫrom na féinne d'ḟáil i gcúrs-aí rátaí.

ḂFUIL 27,000 AG OBAIR AR TALAṀ SA ĠAELTAĊT

AGUS DEIR AIRE NA GAELTAĊTA NAĊ ḂFUIL ANN AĊ FÉAR NAOSC

Leanaḋ den díospóireaċt san tSeanad ar an Ḃille Talún agus nuair a ḃí sé ag dul fríd Céim an Ċoiste ḃí á lán leasaiṫe tíos ag Seanadóirí, cuid ṁaiṫ acu ag baint leis na Ceantair Cúnga. Ag freagairt na gceisteanna a toġaḋ, dúirt an tUasal Ó Mór-áin, Aire Tailte, arís agus arís, an méid a d'ḟoillsíomar an tseaċtain seo caite — naċ bfeadfaí a ḃeiṫ ag súil go mbeaḋ daoine óga sásta fanaċt ar ġaḃ-altaisí beaga talún de luaċáil £3 nó £4 nuair a ḃí tuarastail arda le fáil acu i Sasana. Ba ṫruaiġe, áfaċ, naċ raiḃ Seanad-óir ar biṫ ansin le laḃairt ṫar ċeann na Gaeltaċta agus le cur ar ċuntaisí na Seanaide naċ raiḃ beagnaċ feirmeaċa ar biṫ sa Ġaeltaċt a ḃeaḋ ós cionn luaċ-áil £4 agus mar sin de gurḃ ion-ann é agus go raiḃ an tAire Tailte, atá freisin ina Aire Gaeltaċta, ag rá naċ féidir le duine ar biṫ gléas beaṫa a ḃaint as na gabaltaisí beaga talaiṁ ins an Ġaeltaċt.

Mar sin de caidé an ċiall atá le rá insan Páipéar Bán **go bfuil 27,000 sa Ġaeltaċt beo** ar ṫalṁaíoċt?

LITREAĊA BÉARLA

Ċuir an tAire Talṁaíoċta, an tUasal Mac Eoċaiḋ, amaċ tim-peall 240,000 teaċtaireaċtaí bliana nua ċuig feirmeoirí na tíre. I mBéarla ar fad a ḃí an teaċtaireaċt. Níor cuireaḋ aon leagan Gaeilge de ċuig Gaeilge-oirí.

AN CARRAIG

Rinne Stiofán S. Mac Suiḃne, An Ċarraig, iarratas ag Cúirt Dúiċe na gCealla Beaga lena ċeadúnas tiomána, a cuireaḋ ar ceal i mí Lúnasa seo caite as a ḃeiṫ ag tiomáint gan áraċas, a ṫaḃairt arais. Ṫug an Giúistís Ó Lorcain an ceadúnas arais do ó'n 27ú Feaḃra. M. Bean Uí Ċuinneagáin, Aturnaí, a ḃí ag laḃairt ar son an iarraṫóra.

GLEANN COLMCILLE

Aineoin naċ raḃ an geiṁreaḋ ró olc ar fad tá sé géar go maiṫ ar ċaoirí agus tá cuid ṁór cao-raċ á gcailleaḋ san taoḃ Ṫiar Ṫeas de Ḋún na nGall.

Tá Mairéad Bean Uí Ṁórḋa, O.S., indiaiḋ a ceapaḋ mar príoṁ oide ar scoil náisiúnta Béaċ, Árd a' Ráṫa. Ba as Ġaeltaċta Lorg an Breac agus ḃí sí ina príoṁ oide ar scoil náisiúnta Lorg na Saoraċ, áit a ndearna sí obair ṁór ar son na Gaeilge agus na h-aṫḃeoċaine. Fuair foireann ó Lorg na Saoraċ, faoi na stiúraḋ-san, an ċéad duais in roinn drámaí Gaeilge ag Feis Ġleann Colmcille, 1956 agus ''57 agus ḃí duine dá daltaí a fuair an sciaṫ do scéalaíoċt ag an Ḟeis ċéanna. Ceapaḋ Áine Bean Uí Ġallċoḃair, O.S., as na Dún-aiḃ mar ṗríoṁ oide ar scoil náisiúnta Lorg na Saoraċ.

Cláraíoḋ 4 baill úra ag cruin-niú míosúil Ḃantraċt na Tuaiṫe i nGleann Ċolmcille. Ḃí C. Bn. Uí Ċoileáin, O.S., i gceannas. Ḃuaiġ Máire Bean Uí Ġaiḋre an crannċur agus Bean U. Ó Foḋ-lú an ċoiṁlint ṁíosúil. Cinneaḋ Bríd Nic Giolla Easboig, Dún Alt, agus Máire Bean Uí Ċuin-neagáin, an rúnaí, fá ċoinne cúrsa speisialta ag an Grianán. Cinneaḋ go gcuirfí Basár aon oíċe agus cluiċe fuist ar siúl i halla Ṁuire amaċ anseo.

Ḃí S. Ó Braonáin, T.D., agus S. Orange, Co.C. i láṫair ag cruinniú cinnḃliana Ċumann Ṁín an Aoire de Ḟianna Fáil nuair a toġaḋ Caṫaoirleaċ Seán Ó Maolḃuaiḋ; leas-ċaṫaoirleaċ, Seán Ó Domhnaill; cisteoirí, M. Ó Cinnéide agus Peadar Mac Ḟionnlaoiċ; rúnaí, Seán Ó Maol-domhnaiġ, Cróḃ. Cuireaḋ rún coiṁ-ḃrón i bfeiḋm leis an Uasal Ó Maoldomhnaiġ i mbás a ṁáṫara.

"Beiḋ mar fiaċáil ar Rialtas ciallṁar go mbeaḋ siad ábálta bua a ḟáil ar faiḋbeanna cruai-ḋe, agus ċruṫaiġ Fianna Fáil go raḃ siad ábálta seo a ḋéanaṁ," adúirt Seosaṁ Ó Braonáin, T.D. Rúnaí Pairliminte don Taoise-aċ, agus é ag laḃairt le Cumann Ġleann Colmcille de Ḟianna Fáil i halla Ṁuire, Caiseal, Dia Dom-naiġ. Dúirt sé go raḃ na coin-níollaċa fá ċoinne leasú ar saol geilleagraċ na Gaeltaċta ins an Ṗáipéar Bán. Ḃí an pol-asaí ins an Ṗáipéar Bán coṫrom, rúasúnta agus cinnte, agus ní raḃ teora leis an dul ċun cinn a ḋéanfaí aċ na daoine coiṁ oibriú leis. Beiḋ fáilte, adúirt sé, ag ṗobal Ġleann Ċolmcille, roiṁ an aṫrú ins an trial maoine. Ḋéanfaḋ sé gar mór do na feir-meoirí beaga a ḃí ag soláṫar ġlasraí do Ċoṁair an Eargail. Rinne S. Orange Co.C., tagairt do na scéimeanna feaḃsaċán áit-iúla a ḃí sé a' ċur a' obair. Ṫóg na baill ceisteanna fá scéime-anna eile a raḃ feiḋm leo. Ḃí an tUasal Ó Braonáin i gcean-nas ag toġaḋ na n-oifigeaċ nu-air a toġaḋ: Caṫaoirleaċ, Pád-raiġ Mac Giolla Easboiġ, Bráid; leas-ċaṫaoirleaċ, Seán Mac Niallġuis; cisteoirí, Donn-ċaḋa Ó Gaḃaire, Cl(c)ċán agus Seán Mac Giolla Easboiġ, Dún Alt; rúnaí, Séamas Mac Giolla Easboiġ Cill Gaḃlaí.

Tá obair an Earraí ag dul ar aġaiḋ go fuinniúil fríd Ġleann Colmcille agus tá i bfad níos mó daoine ag dul isteaċ ar ġlas-raí a ḟás agus a ṡoláṫar do Ċoṁar an Eargail anois nuair naċ bfuil eagla ar biṫ go mbeiḋ luċt an trial maoine ṫart ina ndiaiḋ. Tá treaḃaḋ ar siúl fríd an Ġleann agus tá tuille ag ull-ṁú do na préataí lua ċeana féin nó tá ḟios acu gur a luaiṫe a ḃéas siad is ea is fearr an tor-aḋ uaṫa.

Tá an tAṫair Mac Duiḃir, S.C. Gleann Colmcille, ar ḋuine de na daoine atá ainmniṫe do ḃall-raíoċt an I.O.A.S., an ċomhairle a stiúras Coṁair Ċumainn ar fud na tíre. Tá suim ṁór ag Cumann na bFeirmeoirí ins an coṁar-ġluaiseaċt agus tá siad ag molaḋ do ḟeirmeoirí ḃeiṫ páirteaċ ins na coṁairċumainn ar fud na tíre. Tá cumann na bfeirmeoirí ag iarraiḋ ar a gcuid ball ḃótáil don Aṫair Séa-mas Mac Duiḃir. D'iarr cum-ann na bfeirmeoirí ar a gcuid ball ar fud na tíre iarraċt a ḋéanaṁ lena ċinntiú go mbeiḋ na coṁar ċumainn á stiúraḋ ag na fir is fearr is féidir ċuige. Tá aṫraíṫe a ḋéanaṁ ins an comhairle I.A.O.S. a ṫreoraíos na coṁairċumainn ar fud na tíre.

IORRAS

Ḃí'n cruinniú den Ċumann nua Iascaċ Farraige i i dTeaċ Ṫom-áis Uí Ġallċoḃair, Príoṁ Sráid, Béal an Ṁuirṫid, nuair a ḃí ion-adaiṫe i láṫair ó gaċ cuid de Iorrus, le plé cé'n ċaoi ab' fearr le áiseanna ċur ar fáil do iascairí farraige agus sa ċaoi seo, le tuilleaḋ turasóirí a ṫaḃairt 'un an ċeantar ar feaḋ míosaí an tsaṁraiḋ. Le déanaí, ḃí a lán fiosrúċáin ó iascairí farraige go h-áiṫrid ó Albain ⁊ Sasain agus an Ḟrainnce, agus measaḋ go bfeadfaí rud éigin a ḋéanaṁ le ċur ar ċumas an ċuairteora le leas níos fearr a ḃaint as an iascaireaċt farraige agus carraige a ḃí le fáil ar ċósta Iorrus. An tAṫ. Ó Mórḋa, S.C., D. Ó hÉiniġ, P. Ó hAra, M. Agr.Sc., is mó atá taoḃ ṫiar den feaċtas seo, agus deir siad go bfuil caoi ana ṁaiṫ den turasói-reaċt anseo. Cinneaḋ ag an ċruinniú go ndéanfaí canvass an leiṫéideaċ ar ṫiṫe insan ċean-tar fá ċoinne lóistín agus ar uainéirí bádaí agus tráiléirí ar an ċósta, le féaċaint cad tá le tairiscint sula ndéintear plean-anna ar biṫ eile. Measaḋ gurḃ é an rud ba ṁó a ḃí ag teastáil ná bádaí a ḃeiṫ ar fáil ⁊ lóistín oíċe do na hiascairí. Agus má ḃí seo ar fáil, ba ċóir go mbeaḋ sé seo ar a laġaḋ coṁ maiṫ agus atá Acaill, líonta ar fad ó Ṁeiṫeaṁ go Lúnasa.

An tseaċtain seo caite, d'éag Eiḃlín Ní Ṁuineaċáin, Carn, Bé-al an Ṁuirṫid, taréis tinneas fada, in aois a 76 bliana. Seana ḃean láċ carṫannaċ ab ea í, agus ḃí ,meas mór uirṫi. Tugaḋ an corp go reiliġ Barr Ṡáṁa, tar-éis Aifreann Solúnta na Marḃ, maidin Dé Ceadaoine.

An tseaċtain seo caite freis-in, d'éag Liam Ó Baoill, Árd Mór, Fód Duḃ. Insan Ospidéal Ceantar i mBéal an Ṁuirṫid, a d'éag sé, ar an Aoine, an 12ú Feaḃra, in aois a 76 bliana. Ḃí eolas air go leiṫéadaċ ar fud an ċeantair, agus is mór an ċaill a ḃás. Tugaḋ an corp go Séipéal Fód Duḃ, tráṫnóna Dé Saṫairn, agus taréis Aifreann na Marḃ Dé Domhnaiġ, ċuaiġ an soċraid go reiliġ na Croise. Déantar coiṁḃrón lena ḃean-ċéile, a ḋearṫáraċa, a ḋeirfiúr-aċa, agus a ċlann ṁac agus in-íon.

Coiṁġáirdeaċas le Seán Ó Ciarḋa, Gleann Coillín, Beann-ċor, ar éiriġ leis insan scrúdú ċun dul isteaċ ins na Gardaí -atá imiṫe go dtí an ionad trae-nála i dTeampall Mór. Ḃí sé ina imireoir le foireann Naoṁ Pádraiġ, agus ina imireoir faoi 21 do Ċondaė Ṁuiġeo.

Ag cruinniú de foireann peile Béal an Ṁuirṫid, Dé Máirt, cuireaḋ rún coiṁḃróin i bfeiḋm le Máirtín Mac an tSaoir, rún-aí, i mbás a Aintín, Bean an Dr. de Beirn, a fuair bás i mBaile Áṫa Cliaṫ, i gcaiṫeaṁ na seaċtaine.

Cuireaḋ dea-ġuí ċun biseaċ tapaí, ċuig Seán Ó Foġlú, a gor-taíoḋ a ṡúil agus é ag imirt liaṫ-róid láiṁe ag Baile Ċaṫail, i gcaiṫeaṁ na seaċtaine. Is imir-eoir é ar ḟoireann Béal an Ṁuir-ṫid.

Ḃuaiġ foireann Sleaġ, Duḃ Ṫuama, le 7 i gcoinniḃ 3 ar foir-eann Dan Neaney, ag Cros Uí Ṁaoilíona, oíċe Aoine. Beiḋ an dara ċluiċe ḋá imirt ag taḃair-ne Éamonn Holmes, níos moille.

Ḃuaiġ Duḃ Ṫuama ar Gaoṫ Sáile, le 2-9 i gcoinniḃ 2-2 insan ċéad babta de Sraiṫ Iorrus. Cluiċe an speisiúil peil 11 an taoḃ. Ní raḃar ag súil le Duḃ Ṫuama baint mar ḃí árdmeas ar ḟoireann Ġaoṫ Sáile, aċ ḃí Duḃ Ṫuama ní b'ḟearr mar foireann, agus ar feaḋ trí-ceaṫrú uaire, d'imir siad go tréan, cé go raiḃ an scór ina gcoinniḃ, agus in-san ceaṫrú uaire deireannaċ ċuaiġ siad ċun tosaí leis an bua a ḃreiṫ leo. Ar na h-imireoirí ab' fearr ḃí: P. Conḃuí, T. Mac Suiḃne, S. Ó Raġallaiġ, S. Ó Caṫáin, P. Ó Conḃuí, agus ar son Gaoṫ Sáile d'imir D. Mac Suiḃne S. Mac Cuṁaill, S. Ó Tuaṫaill, T. Ó Cuilinn agus L. Mac Cuṁaill go h-an ṁaiṫ.

Ḃuaiġ Baile Cruaiḋe, ar Beannċor, le 1-8 i gcoinniḃ 0-4. Ḃí an ċuid ab' fearr den ċluiċe ar fad ag Baile Cruaiḋe.

...Dé Domhnaiġ seo caite, an 21ú Feaḃra, h-imreaḋ cluiċe an ḃríoṁar idir Sraiṫ agus Gaoṫ Sáile, ag bruaċa Duḃṫorc. Ḃain an slua mór a ḃí i láṫair tait-neaṁ agus pléisiúr as an gcluiċe bríoṁar seo.

SEÁN I.R.A.

Ag freagairt ceiste sa Dáil, dúirt an tAire Cosanta, an tUasal Mac Parṫaláin, T.D., go raḃ 7,937 ag fáil an deontas speisialta do luċt pinsean an tsean I.R.A. agus gurḃ é an méid iomlán a ḃí i gceist don ḃliain 1964 nó £606,000.

TOĠAĊAN COṀAIRLE CONDAE I MEIṪEAṀ

Beiḋ an toġċán de na Coṁ-airlí Condae ann, i mí Ṁeiṫiṁ, de réir ċosúlaċta. I ndíospóire-aċt sa Dáil, d'ḟiafraiġ an tUas-al Mac Feorais, T.D., den Aire Rialtas Áitiúil an raiḃ fírinne ar biṫ san ráfla go gcuirfí siar iad go Meán-Ḟóṁair, agus dúirt an tAire naċ raiḃ sé socraiṫe go fóill, aċ naċ bfaca sé cúis ar biṫ naċ mbeaḋ siad in Mí Meiṫ-iṁ.

Ag freagairt ceiste eile, dú-irt sé go dtaḃarfaḋ sé isteaċ an ċuid den Aċt toġaċáin 1963 a d'aṫróḋ cáilíoċt ċun ḃeiṫ na iarraṫóir i gComhairlí Condae, agus naċ mbeaḋ de ḋiṫ feasta aċ a ḃeiṫ cláraiṫe mar ṫoġṫóir Coṁ-airle Co. nó sealḃaċas a ḃeiṫ agat insan ċondae, nó a ḃeiṫ in do ċónaí insan ċondae ar feaḋ an dá ṁí ḋéag roiṁe an toġċáin.

BÓIṪRE FOSCAILTE

Ag freagairt ceiste ón Uasal Ó Cuinneagáin, T.D., sa Dáil, dúirt an Dr. Ó Riain, T.D., Aire Airgeadais go raiḃ sé i gceist na bóiṫre seo do oscailt mar ṗríoṁ bóiṫre treasna na teor-ainn don saṁraḋ seo: An bóṫar ó Caisleán Finne, Dún na nGall, go dtí Caisleán na Deirge, Tír Eoġain; an bóṫar ó Béal Tair-beirt. Caḃáin, go dtí Doire Linn, Fearmanaċ, agus ó Monaċain go dtí Ros Liaṫ, Fearmanaċ, agus ó Carraiġ Ṁaċaire Rois, Co. Mon-aċain, go dtí Cross Mag Ḟloinn. Co. Ardṁaċa.